Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

2023/2126(INI)

13.9.2023

DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar mholadh ó Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis an gcaidreamh idir AE agus na Stáit Aontaithe.
(2023/2126(INI))

An Coiste um Ghnóthaí Eachtracha

Rapóirtéir: Tonino Picula

CLÁR

Leathanach

DRÉACHT-MHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA.....3

DRÉACHT-MHOLADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála maidir leis an gcaidreamh idir AE agus na Stáit Aontaithe.
(2023/2126(INI))

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint do theachtaireacht chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an 2 Nollaig 2020 maidir le clár nua AE-SAM don athrú domhanda (JOIN(2020)0022),

– ag féachaint do na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcaidreamh idir AE agus na Stáit Aontaithe an 7 Nollaig 2020,

– ag féachaint do ráiteas comhpháirteach ón Uachtarán von der Leyen agus ó Uachtarán Biden na Stát Aontaithe an 10 Márta 2023,

– ag féachaint do ráiteas comhpháirteach ó Idirphlé Trasatlantach Reachtóirí an 17 Meitheamh 2023,

– ag féachaint don chruinniú mullaigh ECAT Vilnias a tionóladh an 11 agus an 12 Iúil 2023,

– ag féachaint do ráiteas comhpháirteach SAM-AE ón gComhairle Trádála agus Teicneolaíochta, arna eisiúint an 31 Bealtaine 2023,

– ag féachaint don 9ú ráiteas comhpháirteach ó Chomhairle Fuinnimh SAM-AE a eisíodh an 7 Feabhra 2022 agus don 10ú ráiteas comhpháirteach ó Chomhairle Fuinnimh SAM-AE a eisíodh an 4 Aibreán 2023,

– ag féachaint do ráiteas comhpháirteach idir an Coimisiún Eorpach agus na Stáit Aontaithe maidir le Slándáil Fuinnimh na hEorpa an 25 Márta 2022,

– ag féachaint do thríú dearbhú comhpháirteach AE-ECAT arna shíniú an 10 Eanáir 2023,

– ag féachaint don Socrú Riaracháin idir an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus Roinn Cosanta Stáit Aontaithe Mheiriceá a síníodh an 26 Aibreán 2023,

– ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2021/750 ón gComhairle an 6 Bealtaine 2021 maidir le rannpháirtíocht Stáit Aontaithe Mheiriceá i dtionscadal ‘Shoghluaisteacht Mhíleata’ PESCO[1],

– ag féachaint don Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Straitéis Spáis AE don tSlándáil agus don Chosaint a glacadh an 10 Márta 2023,

[1] IO L 160, 7.5.2021, lch. 112.

– ag féachaint dá rúin roimhe seo maidir leis an gcaidreamh trasatlantach, go háirithe do rún uaithi an 26 Márta 2009 maidir le staid an chaidrimh thrasatlantaigh i ndiaidh thoghcháin SAM[2], do rún uaithi an 13 Meitheamh 2013 maidir le ról AE i ndáil le Comhpháirtíocht Thrasatlantach níos leithne a chur chun cinn[3], do rún uaithi an 12 Meán Fómhair 2018 maidir le staid an chaidrimh idir AE agus SAM[4] agus do rún uaithi an 6 Deireadh Fómhair 2021 maidir le todhchaí an chaidrimh idir AE agus SAM[5],

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Eanáir 2023 maidir le cur chun feidhme an chomhbheartais eachtraigh agus slándála – tuarascáil bhliantúil 2022[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 18 Eanáir 2023 maidir le cur chun feidhme an chomhbheartais slándála agus cosanta – tuarascáil bhliantúil 2022[7],

– ag féachaint do Riail 118 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Eachtracha (A9-000/2023),

A. de bhrí go bhfuil gá le comhar láidir trasatlantach atá bunaithe ar phrionsabal chomhpháirtíocht na ceannaireachta comhpháirtí agus na freagrachta comhpháirtí chun teacht slán as géarchéimeanna iomadúla ar dhá thaobh an Atlantaigh;

B. de bhrí go bhfuil an chomhpháirtíocht thrasatlantach i ngnóthaí eachtracha ríthábhachtach maidir le prionsabail an dlí idirnáisiúnta agus an chomhair iltaobhaigh a dhearbhú agus a fheabhsú i bhfianaise chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine;

C. de bhrí gur léirigh na Stáit Aontaithe, lena thacaíocht dhépháirteach don Úcráin, fíor-dhlúthpháirtíocht le AE agus sinn ag obair go comhpháirteach chun an tsíocháin agus an tslándáil a chosaint ar mhór-roinn na hEorpa, chomh maith le prionsabail an dlí idirnáisiúnta agus Cairt na Náisiún Aontaithe;

D. de bhrí go mbeidh seasamh le chéile i gcoinne bhrúidiúlacht chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine níos tábhachtaí fós sna míonna amach romhainn;

E. de bhrí nach mór don idirphlé trasatlantach idir AE agus na Stáit Aontaithe agus don taidhleoireacht pharlaiminteach leanúint d’aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda;

F. de bhrí go rachadh gné pharlaiminteach níos láidre fós idir Comhdháil na Stát Aontaithe agus Parlaimint na hEorpa chun tairbhe na saincheisteanna iomadúla a gcomhoibreoimid orthu, rud a chuirfeadh feabhas ar fheasacht an phobail, ar dhlisteanacht dhaonlathach, ar fhormhaoirseacht agus ar an gcumas ár n-iarrachtaí

[2] IO C 117 E, 6.5.2010, lch. 198.
[3] IO C 65, 19.2.2016, lch. 120.
[4] IO C 433, 23.12.2019, lch. 89.
[5] IO C 132, 24.3.2022, lch. 70.
[6] IO C 214, 16.6.2023, lch. 26.
[7] IO C 214, 16.6.2023, lch. 54.

comhpháirteacha a chur i gcrích;

G. de bhrí go ndéantar, leis an gCompás Straitéiseach, a glacadh i mí an Mhárta 2022, ceann dá phríomhchodanna a thiomnú do ról na gcomhpháirtíochtaí agus go n-iarrtar go mbeadh comhpháirtíochtaí déthaobhacha níos saincheaptha ann, go háirithe leis na Stáit Aontaithe agus le ECAT;

1. ag moladh an mhéid seo a leanas don Chomhairle, don Choimisiún agus do Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála:

(a) oibriú chun comhpháirtíocht níos láidre fós a chothú idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe, ar comhpháirtíocht í a rachaidh chun tairbhe an dá thaobh chun aghaidh a thabhairt ar na réaltachtaí nua agus contúirteacha a mhúnlaíonn ár sochaithe agus ár bpobail;

(b) neamhspleáchas straitéiseach oscailte an Aontais a chothú mar bhealach chun leasanna dlisteanacha an Aontais féin a shaothrú agus, ag an am céanna, an nasc trasatlantach a neartú agus giaráil chomhpháirteach an Aontais agus na Stát Aontaithe ar an ardán domhanda a mhéadú;

(c) ábharthacht leanúnach an chaidrimh thrasatlantaigh straitéisigh a athdhearbhú chun an t-ord idirnáisiúnta iltaobhach riailbhunaithe a atógáil agus a athbheochan, agus córas na Náisiún Aontaithe agus an dlí idirnáisiúnta ina chroílár;

(d) an chomhpháirtíocht thrasatlantach a neartú sa chomhrac ar son an daonlathais, an oird idirnáisiúnta riailbhunaithe agus an iltaobhachais;

(e) treisiú ar chuntasacht agus athléimneacht ár gcóras daonlathach roimh na toghcháin an bhliain seo chugainn ar an dá thaobh, chomh maith le feabhas a chur ar an idirphlé trasatlantach agus ar an gcomhar maidir le beartais lena dtacaítear leis an daonlathas, le cearta an duine agus leis an smacht reachta agus lena ndéantar bréagaisnéis agus cur isteach eachtrach ó réimis fhorlámhacha a chomhrac;

Comhar i ndáil leis an mbeartas eachtrach

(f) leanúint den chomhordú iomlán idir AE agus na Stáit Aontaithe maidir le smachtbhannaí éifeachtacha idirnáisiúnta ar an Rúis, ar an mBealarúis agus orthu siúd go léir a éascaíonn fogha na Rúise chun an bonn a bhaint ó chumas na Rúise leanúint den chogadh agus d'ionsaithe eile i gcoinne a comharsan agus chun cosc a chur ar imchéimniú smachtbhannaí;

(g) leanúint den chomhar idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le hoibriú leis an Úcráin chun tacú lena próiseas athchóirithe agus chun plean fadtéarmach atógála a fhorbairt;

(h) an comhar déthaobhach idir AE agus na Stáit Aontaithe a neartú i gcomhthéacs fóraim idirnáisiúnta amhail G7 agus G20, agus ar leibhéal Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, chun an Rúis a leithlisiú agus comhar a chothú le tíortha ar spéis leo dáiríre an t-iltaobhachas a chur chun cinn agus an t-ord idirnáisiúnta

riailbhunaithe a chosaint;

(i) leanúint den chomhar den scoth maidir le cur i gcoinne ionramháil agus trasnaíocht faisnéise eachtraí agus treisiú a dhéanamh ar ár n-ullmhacht i gcoinne úsáid mhailíseach an dul chun cinn teicneolaíochta chun dochar a dhéanamh dár leasanna comhroinnte;

(j) measúnú a dhéanamh ar a thábhachtaí atá cóineasú láidir na seasamh trasatlantach i dtreo na Síne, ag tógáil níos mó agus níos mó ar an straitéis 'dí-riosca' agus ag an am céanna bealaí a lorg chun comhoibriú leis an tSín maidir le roinnt dúshláin dhomhanda;

(k) teagmháil a dhéanamh go comhpháirteach le tíortha an Domhain Theas agus ár n-acmhainneacht a threisiú chun oibriú i gcomhpháirtíocht agus ár dtiomantas do luachanna daonlathacha, d'ord idirnáisiúnta riailbhunaithe agus d'oibriú leis an Domhan Theas ar bhealach tarraingteach eile i dtreo na forbartha digití;

(l) féachaint ar bhealaí chun sineirgí agus féidearthachtaí a chruthú maidir le rannpháirtíocht AE-SAM leis an tSín i gcreataí iltaobhacha maidir le dúshláin choiteanna agus dhomhanda, amhail an t-athrú aeráide, rioscaí a bhaineann leis an tsláinte, urraim do chearta an duine, cibearspás, rialú arm, neamhleathadh agus teicneolaíochtaí suaiteacha atá ag teacht chun cinn;

(m) oibriú leis na Stáit Aontaithe agus le comhpháirtithe ar fud an domhain chun na rioscaí a eascraíonn as iomadú teicneolaíochtaí íogaire a íoslaghdú, agus uasleibhéil oscailteachta don chomhar idirnáisiúnta á gcaomhnú;

(n) an comhar a dhoimhniú maidir le caighdeáin dhaonlathacha a chruthú le haghaidh úsáid na teicneolaíochta trína straitéisí taidhleoireachta digití a ailíniú chun ár luachanna a chosaint, ár slándáil a fheabhsú agus caighdeáin dhigiteacha lena bhfreastalaítear ar an daonlathas a chothú sa bhaile agus ar fud an domhain;

(o) iarrachtaí comhpháirteacha trasatlantacha a dhoimhniú chun príomhbhonneagar trasatlantach a dhaingniú agus bonneagar nascachta slán athléimneach a chur chun cinn le haghaidh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide ar fud an domhain le comhpháirtithe;

(p) a áirithiú go gcruthóidh an tAontas agus na Stáit Aontaithe, in éineacht le comhpháirtithe ábhartha eile, bealaí láidre chun sonraí trasatlantacha a aistriú agus roghanna malartacha a dhaingniú ionas gur féidir sreabhadh sonraí a choinneáil nó a athbhunú go tapa fiú i gcás iarrachtaí ar shuaitheadh;

(q) comhpháirtíocht níos dlúithe a chothú leis na Stáit Aontaithe agus le comhpháirtithe eile atá ar aon intinn leo sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach;

(r) leanúint den chomhar idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe sna Balcáin Thiar chun na tíortha sa réigiún sin a thabhairt níos gaire do bhallraíocht san Aontas agus chun an tIdirphlé idir Béalgrád agus Pristine, arna éascú ag an Aontas, a chur chun cinn;

(s) béim a leagan ar an ngá atá ann leanúint de na dea-ghníomhaíochtaí déthaobhacha maidir lenár mbeartais faoi seach i dtreo Phróiseas Síochána an Mheánoirthir, chomh maith le leanúint de chomhordú a dhéanamh ar ár n-iarrachtaí chun forbairtí dearfacha a spreagadh sa réigiún máguaird;

(t) an comhar trasatlantach a neartú maidir leis an bhfeasacht staide, freagairtí taidhleoireachta, fothú acmhainní agus maidir leis an gcibear-athléimneacht a fheabhsú tríd an gCibearphlé idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe;

(u) a áirithiú go leanfaidh na Stáit Aontaithe de bheith ina gcomhpháirtí tábhachtach do shlándáil fuinnimh an Aontais;

(v) idirphlé trasatlantach agus comhar níos dlúithe maidir le foinsí inathnuaite fuinnimh a oibríochtú tuilleadh;

(w) díriú ar chomhaontú idir an tAontas agus na Stáit Aontaithe maidir le modheolaíocht ríofa an loirg carbóin chomhchoitinn;

An comhar slándála agus cosanta

(x) cur leis an tríú dearbhú comhpháirteach idir an tAontas agus ECAT agus an comhar idir an tAontas agus ECAT a oibríochtú tuilleadh i réimsí amhail athléimneacht agus cosaint an bhonneagair chriticiúil, teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí suaiteacha, an spás, impleachtaí slándála an athraithe aeráide, chomh maith le cúbláil agus trasnaíocht faisnéise eachtraí;

(y) comhpháirtíochtaí a dhoimhniú sna réimsí comhair a bheartaítear le Coincheap Straitéiseach ECAT agus le Compás Straitéiseach an Aontais, go háirithe i réimsí na soghluaisteachta míleata, an bhonneagair dé-úsáide, na hathléimneachta agus na gcleachtaí comhpháirteacha cuimsitheacha;

(z) feabhas a chur ar an gcomhar idir cuideachtaí cosanta SAM-AE maidir le tionscadail chomhpháirteacha a fhónann chun spriocanna comhroinnte slándála agus cosanta a bhaint amach agus idir-inoibritheacht níos fearr a áirithiú idir AE, SAM agus ECAT;

(aa) tuilleadh comhair cosanta a spreagadh idir AE, a Bhallstáit agus na Stáit Aontaithe tríd an Socrú Riaracháin idir an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint agus Roinn Cosanta na Stát Aontaithe a chur i bhfeidhm, i bhfianaise a thábhachtaí atá sé sa réaltacht gheopholaitiúil atá ann faoi láthair;

(ab) leanúint den chomhordú leanúnach ar an tacaíocht mhíleata a thugtar don Úcráin laistigh de Ghrúpa Teagmhála Cosanta na hÚcráine;

(ac) an comhar leis na Stáit Aontaithe sa tslándáil spáis a dhoimhniú;

(ad) aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar scaipeadh ionramháil agus trasnaíocht faisnéise na Rúise agus na Síne, go háirithe i gcomhthéacs chogadh neamhdhleathach na Rúise i gcoinne na hÚcráine agus a tionchar ar na Balcáin Thiar, ar an Afraic agus ar Mheiriceá Laidineach;

°

° °

2. á threorú dá hUachtarán an moladh sin a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig Leas-Uachtarán an Choimisiúin / Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála.